Cuntas Leithreasa 2019

# Vóta 25

# Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas

# Réamhrá

Mar Stiúrthóir Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, is mé an tOifigeach Cuntasaíochta le haghaidh Vóta 25. Ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d’ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2019 ar thuarastail agus speansais Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas agus chun deontais áirithe a íoc.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2019, lena n-áirítear an tsuim a d’fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Tá barrachas €781,000 dlite le géilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

## Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú seachas i gcás an mhéid seo a leanas.

***Dímheas***

Dímheastar feabhsúcháin ar áitreabh léasach ar ráta 5% in aghaidh na bliana ar bhonn na líne dírí.

Gearrtar dímheas ar bhonn míosúil.

## Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm a chinntiú go mbíonn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais á chothabháil agus á fheidhmiú ag Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas.

Déantar an fhreagracht sin a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní a bhíonn ar fáil dom agus i gcomhthéacs mo chuid oibleagáidí eile mar Stiúrthóir an Choimisiúin. Freisin, ní fhéadfaidh aon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht a thabhairt go gcumhdaítear sócmhainní, go n-údaraítear agus go dtaifeadtar idirbhearta go cuí, agus go ndéantar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó go mbraithfí in am trátha iad. Is próiseas leanúnach é córas na rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus coinnítear an córas agus a éifeachtacht faoi athbhreithniú leanúnach.

***Seirbhísí comhroinnte***

Soláthraíonn an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte seirbhísí párolla agus acmhainní daonna don Choimisiún ar bhonn seirbhísí comhroinnte. Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam i dtaca le riachtanais an chomhaontaithe um bainistiú seirbhíse idir an Oifig seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte do sholáthar seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna agus párolla.

Braithim ar litir dhearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte go bhfuil rialuithe cuí i bhfeidhm maidir le seirbhísí comhroinnte a sholáthar don Oifig seo.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na nithe seo a leanas ina gcuid di.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal i gcás gur sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus gníomhaíocht cheartaitheach chuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ann chun comhairle a chur orm maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí i ndáil leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Tá nósanna imeachta i gcomhair na bpríomhphróiseas gnó go léir doiciméadaithe.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creatlach nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- córas buiséadaithe iomchuí le buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag an lucht ardbhainistíochta
- athbhreithnithe rialta á ndéanamh ag lucht ardbhainistíochta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais in aghaidh réamh-mheastachán
- córas bainistíochta rioscaí a fheidhmíonn taobh istigh den Choimisiún
- córais atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil chomh maith le disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail.

***Comhlíonadh soláthair***

Deimhním go gcinntíonn an Coimisiún go bhfuil fócas cuí ar dhea-chleachtas i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go gcloítear leis na dtreoirlínte ábhartha ar fad. In 2019, chomhlíon an Coimisiún na treoirlínte cé is moite de chonradh amháin dar luach €74,677, a tar-rolladh ó chonradh soláthair a bhí ann cheana féin. Tháinig deireadh leis an ngá a bhí leis an gconradh sin in 2019 nuair a ghlac an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais uirthi féin an tseirbhís a chur ar fáil.

***Iniúchóireacht inmheánach agus Coiste Iniúchóireachta agus Riosca***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an gCoimisiún (atá á seachfhoinsiú faoi láthair) ag a bhfuil pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairt scríofa atá ceadaithe agam. Treoraíonn anailís ar na rioscaí airgeadais, dá nochtar an Coimisiún, a hobair agus bíonn a pleananna iniúchóireachta inmheánaí bliantúla, a bhíonn á gceadú agamsa, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé d'aidhm leis na pleananna sin na rialuithe buntábhachtacha a chuimsiú ar bhonn leanúnach i gcaitheamh tréimhse réasúnta. Bíonn athbhreithniú á dhéanamh ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí agamsa agus ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca go tréimhsiúil. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go leantar le tuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

Rinneadh moltaí éagsúla in athbhreithniú iniúchóireachta inmheánaí ar oibríochtaí TF ar éifeachtacht oibriúcháin na gcóras TF, ach ba é an maolú fadtéarmach ar na ceisteanna a tarraingíodh anuas sa tuarascáil ascnamh Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas go dtí Seirbhís Chomhroinnte TFC na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais. An 18 Deireadh Fómhair 2019, rinneadh córais TFC an Choimisiúin a ascnamh go dtí Seirbhís Chomhroinnte na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais.

Ghlac an Coimisiún leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016), ina gceanglaítear ar choistí iniúchóireachta teacht le chéile ceithre huaire ar a laghad in aghaidh na bliana. Tháinig coiste iniúchóireachta an Choimisiúin le chéile ceithre huaire in 2019.

***Creat rioscaí agus rialaithe***

Tá córas bainistíochta rioscaí curtha i bhfeidhm ag an gCoimisiún lena sonraítear agus lena dtuairiscítear rioscaí buntábhachtacha agus na gníomhartha bainistíochta a dhéantar chun aghaidh a thabhairt orthu agus, oiread agus is féidir, na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena sonraítear na rioscaí buntábhachtacha a bhíonn roimh an gCoimisiún agus sonraíodh, measadh agus grádaíodh iad sin de réir a shuntasaí is bhíonn siad. Déanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithniú agus nuashonrú ar an gclár go táthrialta. Úsáidtear toradh na measúnachtaí sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go mbainisteofar rioscaí go mbeidh siad ar leibhéal inghlactha.

I gclár na rioscaí, tugtar sonraí faoi na rialuithe agus na gníomhartha a bhíonn riachtanach chun rioscaí a mhaolú agus sanntar freagracht as rialuithe a fheidhmiú do bhaill foirne shonracha.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe le haghaidh phróisis na monatóireachta ar rialuithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd a bhíonn freagrach as gníomhartha ceartúcháin a dhéanamh agus don bhainistíocht agus don Choimisiún, i gcás gurb ábhartha, go tráthúil. Deimhním go bhfuil rioscaí buntábhachtacha agus rialuithe gaolmhara sonraithe agus próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na rialuithe buntábhachtacha sin agus chun aon easnaimh dá sonraítear a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an gCoimisiún chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta um bainistiú agus rialú rioscaí. Bíonn monatóireacht agus athbhreithniú an Choimisiúin ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais á dtreorú ag obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an lucht ardbhainistíochta laistigh den Choimisiún a bhíonn freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

***Ceisteanna maidir le rialú inmheánach airgeadais***

Níor sainaithníodh aon laigí i rialú inmheánach airgeadais in 2019 a raibh caillteanas ábhartha mar thoradh orthu, nó a bhféadfadh go mbeadh caillteanas ábhartha mar thoradh orthu.

**Laurence Bond**
Oifigeach Cuntasaíochta
Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas

26 Márta 2020

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuairisc le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 25 Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas

### Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 25 Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2019 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 25 Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2019, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

#### *Bonn faoin tuairim*

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam le Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

### Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm maidir le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

30 Meitheamh 2020

# Vóta 25 Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas

## Cuntas Leithreasa 2019

| | | 2019 | | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar Meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas an chláir** | | | | |
| A | Feidhm Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas | 6,751 | 5,973 | 4,664 |
| **Ollchaiteachas** | | **6,751** | **5,973** | **4,664** |
| | *Lúide* | | | |
| B | **Leithreasaí-i-gcabhair** | **89** | **92** | **92** |
| **Glanchaiteachas** | | **6,662** | **5,881** | **4,572** |

**Farasbarr**

Dlífear farasbarr na suime a soláthraíodh, os cionn na glansuime a feidhmíodh, a ghéilleadh don Státchiste.

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| **Farasbarr le géilleadh** | **780,875** | **2,015,982** |

**Laurence Bond**

Oifigeach Cuntasaíochta
Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas

26 Márta 2020

# Nótaí a ghabhann leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2019

| | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Pá | | 2,821 | 2,302 |
| Neamhphá | | 3,152 | 2,362 |
| **Ollchaiteachas** | | **5,973** | **4,664** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **92** | **92** |
| **Glanchaiteachas** | | **5,881** | **4,572** |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin airgid thirim | (99) | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | 17 | | |
| Dímheas | 175 | 93 | 168 |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú ar fhabhruithe deiridh | | 131 | (18) |
| **Caiteachas díreach** | | **6,105** | **4,722** |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 6 | 5 |
| **Glanchostas an chláir** | | **6,111** | **4,727** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas i ndáil le Vóta 25 a tabhaíodh in áit eile.

| | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 18 | Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 6 | 5 |
| | | **6** | **5** |

## Nóta 2 Ráiteas ar an Staid Airgeadais mar a bhí 31 Nollaig 2019

| | Nóta | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní caipitil** | 2.1 | 1,759 | 1,852 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Réamhíocaíochtaí | | 143 | 294 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.3 | 22 | 20 |
| Glanmhaoiniú ón Státchiste | 2.5 | 219 | 110 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | 384 | 424 |
| **Dliteanais reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.2 | 127 | 21 |
| Speansais fhabhraithe | | 116 | 136 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.4 | 114 | 109 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | 357 | 266 |
| **Glansócmhainní reatha** | | 27 | 158 |
| **Glansócmhainní** | | **1,786** | **2,010** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe Stáit** | 2.6 | **1,786** | **2,010** |

## 2.1 Sócmhainní Caipitil

| | Feabhsuithe Léasachta | Trealamh TF agus Oifige | Troscán agus feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Ollsócmhainní** | | | | |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2019 | 1,736 | 297 | 339 | 2,372 |
| Breiseanna | 10 | 81 | 8 | 99 |
| Diúscairtí | — | (108) | (1) | (109) |
| Costas nó luacháil ag 31 Eanáir 2019 | 1,746 | 270 | 346 | 2,362 |
| **Dímheas carntha** | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2019 | 247 | 173 | 100 | 520 |
| Dímheas don bhliain | 87 | 54 | 34 | 175 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | (92) | — | (92) |
| Dímheas carnach ag 31 Nollaig 2019 | 334 | 135 | 134 | 603 |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2019** | **1,412** | **135** | **212** | **1,759** |
| Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2018 | 1,489 | 124 | 239 | 1,852 |

## 2.2 Banc agus airgead tirim

| ag 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid an Phámháistir Ghinearálta | (127) | (218) |
| Iarmhéideanna i gcuntais bhainc eile | — | 197 |
| | **(127)** | **(21)** |

## 2.3 Iarmhéideanna dochair eile

| ag 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Caiteachas in-fhorchúitithe ar scéim na bpasanna taistil | 19 | 16 |
| Párolla íoctha roimh ré | 3 | 4 |
| | **22** | **20** |

## 2.4 Iarmhéideanna creidmheasa eile

| ag 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| **Suimeanna dlite don Stát** | | |
| Cáin ioncaim | 38 | 35 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasa | 31 | 24 |
| Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla | 27 | 41 |
| Ranníocaíochtaí pinsin | 9 | — |
| Cáin bhreisluacha | — | 1 |
| Muirear sóisialach uilíoch | 7 | 8 |
| | 112 | 109 |
| Asbhaintí párolla á gcoinneáil ar fionraí | 2 | — |
| | **114** | **109** |

## 2.5 Glanmhaoiniú ón Státchiste

| ag 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Farasbarr le géilleadh | 781 | 2,016 |
| Deontas ón Státchiste neamhtharraingthe | (1,000) | (2,126) |
| **Glanmhaoiniú ón Státchiste** | **(219)** | **(110)** |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Iarmhéideanna dochair | 22 | 20 |
| | 22 | 20 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (112) | (109) |
| Banc agus airgead tirim | (127) | (21) |
| Iarmhéideanna creidmheasa | (2) | — |
| | (241) | (130) |
| | **(219)** | **(110)** |

## 2.6 Cuntas mhaoiniú an Stáit

| | Nóta | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir | | | 2,010 | 2,160 |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 6,662 | | |
| Farasbarr le géilleadh | Cuntas | (781) | | |
| Glanvóta | | | 5,881 | 4,572 |
| Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile | 1.1 | | 6 | 5 |
| Glanchostas an chláir | 1 | | (6,111) | (4,727) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **1,786** | **2,010** |

## 2.7 Ceangaltais

| ag 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Soláthar earraí agus seirbhísí [a] | 1,558 | 1,571 |
| Cláir dheontas neamhchaipitil | 232 | 283 |
| Dlí agus tionscadail eile | 107 | 83 |
| **Iomlán na gceangaltas is in-fhorfheidhmithe le dlí** | **1,897** | **1,937** |

Nóta a Is ionann ceangaltas an léasa áitribh agus €261,818 in aghaidh na bliana go dtí 2024.

## Nóta 3 Caiteachas an Vóta

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

Cionroinneadh caiteachas riaracháin a leagtar amach thíos i gcaiteachas chlár A, chun costálacha iomlána an chláir a chur i láthair.

| | | 2019 | | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar Meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 3,658 | 2,821 | 2,302 |
| ii | Taisteal agus cothú | 80 | 62 | 38 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha | 1,927 | 1,650 | 1,275 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 122 | 56 | 49 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | 165 | 443 | 158 |
| vi | Costais áitribh oifige | 500 | 509 | 478 |
| vii | Seirbhísí sainchomhairleoireachta agus athbhreithniú ar luach ar airgead agus ar bheartais | 299 | 432 | 364 |
| | | **6,751** | **5,973** | **4,664** |

### Athruithe suntasacha

Leagtar amach leis an méid seo a leanas na cúiseanna le hathruithe suntasacha ar chaiteachas riaracháin (+/- 25% agus €100,000).

**i Tuarastail, pá agus liúntais**

*Soláthar Meastacháin: €3.658 milliún, toradh: €2.821 milliún*

Bhí laghdú €837,000 ar an gcaiteachas ar thuarastail, pánna agus liúntais mar gheall nár bhain an Coimisiún fostaíocht iomlán amach i rith 2019. Bhí 49 comhalta foirne (coibhéis lánaimseartha) ag an gCoimisiún ag tús na bliana. Amhail an 31 Nollaig 2019, bhí 58 comhalta foirne (coibhéis lánaimseartha) ag an gCoimisiún. Astu sin, earcaíodh seachtar sa ráithe dheireanach den bhliain, mar sin ní fheicfear an tionchar iomlán costais go dtí 2020.

**iii Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha**

*Soláthar Meastacháin: €1.927 milliún, toradh: €1.65 milliún*

Bhí laghdú €277,000 ar an gcaiteachas ar oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha mar gheall go raibh leibhéil ghníomhaíochta clár níos lú ná mar a tuaradh toisc go raibh an Coimisiún ag feidhmiú faoi bhun a lín creat rialaithe fostaíochta iomlán in 2019.

**iv Seirbhísí poist agus teileachumarsáide**

*Soláthar Meastacháin: €122,000, toradh: €56,000*

Bhí laghdú €66,000 ar an gcaiteachas ar speansais seirbhísí poist agus teileachumarsáide mar gheall ar fheabhsúcháin teicneolaíochta atá ag teacht chun cinn agus nuashonruithe conartha in 2019.

***v*** **Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha**

*Soláthar Meastacháin: €165,000, toradh: €443,000*

Bhí méadú €278,000 ar an gcaiteachas ar threalamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha mar gheall ar ascnamh Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas go dtí Seirbhís Chomhroinnte TFC na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais.

**vii Seirbhísí sainchomhairleoireachta agus athbhreithniú ar luach ar airgead agus ar bheartais**

*Soláthar Meastacháin: €299,000, toradh: €432,000*

Bhí méadú €133,000 ar an gcaiteachas ar sheirbhísí sainchomhairleoireachta agus athbhreithniú ar luach ar airgead agus ar bheartais mar gheall ar ghníomhaíocht mhéadaithe agus sainchúnamh dlí a theastaigh i seirbhísí dlíthíochta chearta an duine.

# Nóta 4 Fáltais

## 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | 2019 | | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1 | Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí [a] | 89 | 77 | 90 |
| 2 | Ilghnéitheach | — | 15 | 2 |
| | | **89** | **92** | **92** |

Nóta [a] Tagraíonn figiúr 2018 d’asbhaintí a bhaineann le pinsean. Tháinig ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ina n-áit siúd ón 1 Eanáir 2019.

## Nóta 5 Soláthar Foirne & Luach Saothair

### 5.1 Líon na bhFostaithe

| **Comhionann le fostaithe lánaimseartha** | **2019** | **2018** |
|---|---|---|
| Líon foirne ag deireadh na bliana | 58 | 49 |

### 5.2 Pá

| | **2019** | **2018** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 2,519 | 2,059 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 42 | 30 |
| ÁSPC an Fhostóra | 260 | 213 |
| **Pá iomlán** | **2,821** | **2,302** |

### 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | **Líon na bhfaighteoirí** | **Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó** | **Íocaíocht aonair ab airde** | |
|---|---|---|---|---|
| | | | **2019** | **2018** |
| | | | **€** | **€** |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 6 | 2 | 11,741 | 10,955 |

## Nóta 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Costais chúitimh agus dlí

Tá sé de chumhacht ag an gCoimisiún faoi Alt 40 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014 cúnamh a thabhairt do dhaoine atá i mbun imeachtaí faoi dhlí an chomhionannais agus/nó chearta an duine.

I rith 2018, chinn an Coimisiún slánú a dheonú ar chliant Alt 40 amháin i gcás imeachtaí san Ard-Chúirt. Tá an cás sin fós ar bun.